eti

An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -

*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

***Providing Inspection Services for***
**Department of Education**
**Department for Employment and Learning**
**Department of Culture, Arts and Leisure**

CHARTER MARK
CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

## Gaelscoil an Lonnain
## Béal Feirste

## Dáta na Cigireachta: Márta 2008

# CLÁR


| Cuid | | Leathanach |
|---|---|---|
| | EOLAS STAITISTIÚIL | |
| 1. | RÉAMHRÁ | 1 |
| 2. | CAIGHDEÁN OBAIR NA BPÁISTÍ | 1 |
| 3. | SOCRUITHE BAINISTEOIREACHTA | 3 |
| 4. | CONCLÚID | 4 |

## BILEOG BHUNEOLAIS (BB) - BUNSCOILEANNA

A. i. **Scoil: Gaelscoil an Lonnain**

ii. **Uimhir Thagartha na Scoile: 104-6672**

iii. **Dáta na Cigireachta: 30.03.08 seachtain dar thús:**

iv. **Cineál Cigireachta: Fócasaithe**

B.

| Scoilbhliain | 2003/04 | 2004/05 | 2005/06 | 2006/07 | 2007/08 |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon iontrála Bhliain 1 | - | - | 15 | 15 | 11 |
| **Rollachán**<br>Bunscoil | - | - | 36 | 44 | 44 |
| Réamhrang | - | - | 0 | 0 | 0 |
| Naíonra | - | - | 0 | 0 | 0 |
| Aonad Speisialta | - | - | 0 | 0 | 0 |

Is é an líon ar lá fógartha na cigireachta an líon rollacháin don bhliain reatha.
Do na blianta roimhe sin, is é an líon atá sna tuairisceáin bhliantúla a chuirtear isteach chuig an Roinn Oideachais.
Is ar rollachán iomlán na bunscoile agus an réamhranga amháin ba chóir na háirimh ag C agus ag D a bhunú.

C. Meántinreamh don scoilbhliain roimhe seo (ina chéatadán): 80%

| | Bunscoil & Réamhrang | Naíonra | Aonad Speisialta |
|---|---|---|---|
| D. i. Líon Múinteoirí (príomhoide & múinteoirí páirtaimseartha san áireamh): (coibhéis lánaimseartha = 25 uair teagaisc): | 3 | 0 | 0 |

ii. CDM (Cóimheas Daltaí le Múinteoir): 14.7 CDM TÉ: 20.0

iii. Meánmhéid Ranga: 7.3

iv. Méid Ranganna (Raon): ó 11 go dtí 19

v. Tacaíocht Chúntach (líon Uaireanta **sa tSeachtain**):

i. Tacaíocht Chléireachais: 21
ii. Tacaíocht Oifigiúil 'Ag Déanamh Tús Maith': 20.25
iii. Maoiniú ó 'Ag Déanamh Tús Maith' d'uaireanta breise agus do thacaíocht eile ó chúntóirí ranga: 20.25

vi. Líon páistí a bhfuil ráitis i dtaobh sainriachtanas oideachais acu 6.8%

vii. Líon páistí nach bhfuil ar aois scoile reachtúil: 0

viii. Céatadán páistí atá i dteideal béilí scoile saor in aisce: 50%

## 1. RÉAMHRÁ

1.1 Is bunscoil chomhoideachais Ghaeilge í Gaelscoil an Lonnáin a céadbhunaíodh i 1999 agus a fuair deontas i gcabhair ó 2005 ar aghaidh. Is i mBéal Feirste atá sí suite san fhoirgneamh a bhiodh ag St Finian's Primary School tráth. Is ón cheantar go díreach in aice láimhe idir Sráid na Beairice agus Bóthar Chluanaí Íochtarach a thagann bunús na bpáistí. Tá páiste dhéag i mbliain 1 agus 44 páiste san iomlán ar an rolla. Tá leath na bpáistí i dteideal béilí scoile saor ó tháille.

1.2 Sa chigireacht díríodh ar an mhatamaitic, agus teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide san áireamh, ar an soláthar do pháistí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu, ar chur chun cinn sláinte agus folláine, ar shocruithe na scoile le haghaidh tréadchúraim, agus cosaint leanaí san áireamh, agus ar cheannaireacht agus ar bhainisteoireacht na scoile.

1.3 Mar chuid den phróiseas cigireachta tionóladh cruinnithe le baill Bhord na nGobharnóirí (na gobharnóirí), agus le páistí bhliain 5 agus bhliain 7. Is trí cheistneoirí rúnda a iarradh ar na tuismitheoirí tuairimí a nochtadh ar ghnéithe de shaol agus d'obair na scoile. Chuir an scoil 44 ceistneoir amach chuig na tuismitheoirí; seoladh 14 cinn ar ais chuig an Roinn Oideachais agus bhí tuairimí scríofa i gceithre cinn acu. Bhí formhór na dtuairimí sna ceistneoirí an-dearfach. Pléadh roinnt ceisteanna a d'ardaigh na tuismitheoirí sna ceistneoirí leis an Phríomhoide agus leis na gobharnóirí. Mhol na tuismitheoirí agus baill de na gobharnóirí an fhoireann as a dhúthrachtaí a bhí siad. Thacaigh na gobharnóirí go láidir le hobair na scoile agus thug cur síos ar an ról a bhí acu i mbainistiú na scoile. Chuir siad in iúl go raibh siad thar a bheith sásta le hobair an Phríomhoide agus na foirne agus iad ag cothú timpeallacht shábháilte shítheach foghlama do na páistí uile. Luaigh na páistí a fheabhas a bhí an taithí acu ar shaol na scoile; chuir siad in iúl go raibh cabhair ar fáil dá mbeadh sin uathu agus bhí siad sásta go raibh an fhoireann ag déileáil go tuisceanach lena gcuid riachtanas.

## 2. CAIGHDEÁN OBAIR NA bPÁISTÍ

2.1 Is sármhaith an caidreamh oibre atá idir na páistí agus na múinteoirí. Glacann na múinteoirí am leis na páistí a mholadh agus a spreagadh, agus le linn na cigireachta bhí iompar na bpáistí eiseamláireach. Spreagtar na páistí le meas a bheith acu orthu féin agus ar a chéile; freagraíonn siad go dearfach do na múinteoirí agus is mór an dúthracht a chaitheann siad lena gcuid oibre agus suim mhór acu inti.

2.2 Tá tuiscint láidir i measc na múinteoirí agus i measc gach duine a bhaineann leis an scoil gur pobal iad agus gur meitheal mhaith iad. Tá naisc an-láidre idir an scoil agus Naíscoil an Lonnáin atá lonnaithe sa scoil. Tá cumarsáid mhaith ann idir an scoil agus na tuismitheoirí agus faigheann siad eolas rialta faoin obair baile agus faoi na topaicí atá mar ábhar staidéir.

2.3 Tá roinnt láidreachtaí sna socruithe le haghaidh tréadchúraim agus cosaint leanaí. Mar sin féin, tá réimsí tábhachtacha ann a bhfuil feabhsú uathu agus is éigean beart a dheanamh fúthu go pras lena chinntiú go mbeidh na polasaithe agus na modhanna oibre go hiomlán i gcomhréir leis an treoir atá leagtha amach sna hImlitreacha iomchuí de chuid na Roinne Oideachais. Caithfidh an fhoireann, go háirithe, eolas a chur ar taispeáint faoi na

múinteoirí sainainmnithe, dul i gcomhairle leis na tuismitheoirí agus leis na daltaí faoi pholasaí frithbhulaíochta na scoile agus taifead a choinneáil ar ghearáin gur tugadh drochúsáid do pháistí, taifead a ndéanfaidh an Cathaoirleach agus an Leaschathaoirleach athbhreithniú air uair in aghaidh na bliana ar a laghad.

2.4 Tá láidreachtaí móra i gclár na scoile le sláinte agus folláine a chur chun cinn. Tugtar aird ar fhorbairt agus ar fheidhmiú clár itheacháin shláintiúil agus gníomhaíochta coirp, mar shampla, taispeántais de nósanna itheacháin sláintiúla, bia sláintiúil le linn am sosa agus lóin, agus páistí a spreagadh le bheith ag ól uisce.

2.5 Is ar bhonn tréimhsí sé seachtaine a dhéanann na múinteoirí an phleanáil agus déanann siad meastóireachtaí rialta ar an chlár. Ach faoi láthair níl fócas na pleanála ar an ábhar atáthar a bheartú a fhoghlaimeoidh na páistí soiléir go leor agus dá bhrí sin ní féidir na meastóireachtaí a úsáid mar threoir sa phleanáil a dhéanfar feasta. Caithfear an phleanáil a athbhreithniú agus ba chóir go gclúdóidh sin sealbhú teanga na bpáistí chomh maith leis na réimsí éagsúla den churaclam lena chinntiú gur leor in t-idirdhealú chun go ndéanfar freastal ar riachtanais gach páiste.

2.6 Is oibrithe crua iad na múinteoirí agus iad breá eolach ar na páistí agus ar a gcúlra; tá spéis mhór acu sna páistí agus bíonn siad ag iarraidh timpeallacht foghlama lán carthanachta agus tacaíochta a chothú dóibh. Bhí an teagasc a breathnaíodh le linn na cigireachta slán i dtólamh, agus maith in amanna. Sa chleachtas is fearr a breathnaíodh d'úsáid múinteoirí modhanna teagaisc éagsúla agus chuir siad na páistí i mbun réimse de ghníomhaíochtaí dúshlánacha a raibh éifeacht leo. Ar na hócáidí sin, spreagadh na páistí agus bhí páirt ghníomhach acu san fhoghlaim. Ar ócáidí eile, áfach, níor leor an bhéim a cuireadh ar idirdhealú san obair le freastal a dhéanamh ar riachtanais éagsúla na bpáistí, agus in amanna, bhí an teagasc gan luas gan dúshlán.

2.7 Marcálann na múinteoirí obair na bpáistí go rialta ach go rómhinic ní bhíonn ann ach marcáil cléirigh. Is annamh a úsáideann múinteoirí modhanna marcála ina dtugtar treoir do pháistí ar an dóigh lena gcuid oibre a fheabhsú. Tá stiúir de dhíth ar chur chuige na scoile i leith na measúnachta.

2.8 Bíonn seisiúin foghlama trí ghníomhaíochtaí ag páistí bhliain a haon gach lá. Is maith a phleanáiltear téamaí agus topaicí le réimse de ghníomhaíochtaí suimiúla a chur ar fáil, nithe a chuirfidh leis an obair a dhéantar i réimsí eile den churaclam agus a bheas éifeachtach chun an teanga a chur chun cinn agus tuilleadh deiseanna foghlama a sholáthar. Sna ceachtanna ar breathnaíodh orthu bhí an chuma ar na páistí go raibh siad cinnte díobh féin ina gcuid oibre agus léirigh siad go raibh siad an-neamhspleách, an-chruthaitheach agus iad ag baint an-suilt as a gcuid oibre.

2.9 Úsáideann na múinteoirí scéim tráchtála don mhatamaitic agus cuirtear acmhainní eile atá déanta ag na múinteoirí iad féin léi sin. Leis na páistí sna luathbhlianta cuireann na múinteoirí béim láidir ar fhoghlaim atá bunaithe ar ghníomhaíocht agus ar shúgradh; tá na páistí ag forbairt bhunteanga agus bhunsmaointeoireacht na matamaitice agus ag méadú a mbuntuisceana uirthi de réir mar is cuí dá n-aois agus dá gcumas. Tugtar ardtosaíocht don mheabhairmhatamaitic i ngach rang agus is maith iad na scileanna meabhrach agus scríofa atá ag na bpáistí sa chomhaireamh go ginearálta. Bíonn siad ag obair go héifeachtach i gcomhar lena chéile ina mbeirteanna agus i ngrúpaí beaga.

2.10 Ag deireadh eochairchéim 2 níl na caighdeáin a bhaintear amach sa mhatamaitic chomh maith agus a thiocfadh leo bheith. Bhainfeadh roinnt páistí, go háirithe na foghlaimeoirí is cumasaí, tairbhe as roinnt tascanna foghlama agus as gníomhaíochtaí matamaitice a fháil le déanamh a mbeadh dúshláin bhreise iontu. Tá sé tábhachtach go mbaileoidh an scoil sonraí ar chumas oibre na bpáistí agus ar a bhfuil bainte amach acu agus sin a úsáid ar bhealach dírithe pleanáilte le go n-aimseofar na páistí sin ar ísle caighdeán a gcuid oibre ná an cumas atá iontu agus na páistí nach bhfuil ag déanamh go maith, le go mbainfidh na múinteoirí úsáid as an eolas sin agus iad ag pleanáil, le go mbeidh na páistí ag cur lena bhfuil bainte amach acu, lena chinntiú go ndéanfaidh na páistí dul chun cinn agus le go socrófar spriocanna don scoil ina hiomláine, don rang agus don pháiste aonair. Tráth na cigireachta ní raibh an córas C2k suiteáilte go fóill. Dá ainneoin sin, tá an fhoireann ag obair go crua ag iarraidh a chinntiú go mbeidh taithí oiriúnach éigin ag na páistí ar theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide.

2.11 Is maith a tuigeann na múinteoirí ranga riachtanais na bpáistí a mbíonn deacrachtaí foghlama acu agus tugann siad cúnamh ginearálta sa rang dóibh sin. Níl Clár Páistí a bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu ann. Dá bhrí sin níl pleananna oideachais ceaptha do pháistí aonair áirithe; i gcás páistí eile, níl fócas spriocanna na bpleananna soiléir go leor le gur féidir meastóireacht éifeachtach a dhéanamh go furasta. Caithfidh cur chuige níos foirmiúla, níos déine agus níos córasaí bheith ann le soláthar a dhéanamh do shainriachtanais oideachais. Caithfidh an fhoireann breithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an phleanáil reatha le haghaidh sainriachtanas oideachais le go mbeidh siad in ann cúnamh ar bhonn níos éifeachtaí a thabhairt do na páistí sin a mbíonn deacrachtaí foghlama acu, agus le socrú cá mhéad dul chun cinn atá déanta ag na páistí sin agus faireachán agus taifeadadh a dhéanamh air sin feasta.

## 3. SOCRUITHE BAINISTEOIREACHTA

3.1 Ceapadh an Príomhoide in 2001 agus bhí sí i mbun dualgas mar Phríomhoide Gníomhach go dtí gur tugadh aitheantas don scoil in 2005 nuair rinneadh Príomhoide di. Caitheann sí a dúthracht iomlán le saol agus le hobair na scoile agus is léir gurb iad na páistí a cúram agus go dtugann sí aire dóibh. Ach tá stiúir straitéiseach de dhíth ar an scoil agus tá géarghá ann go ndéanfar athbhreithniú ar róil agus ar fhreagrachtaí na múinteoirí agus go ndéanfar comhaontú ar thosaíochtaí bainisteoireachta na scoile. Caithfidh an fhoireann aontú ar chórais éifeachtacha le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chaighdeán soláthar oideachais na scoile ag gach leibhéal agus iad a fheidhmiú chun go n-úsáidfear an t-eolas le haghaidh pleanála agus le go mbeidh feabhas leanúnach á chur ar sholáthar oideachais na scoile.

3.2 Ní dhéanann an Plean Forbartha Scoile reatha freastal ar riachtanais na scoile agus níl sé de réir cheanglais na School Development Plans Regulations (Northern Ireland) 2005. Caithfidh an fhoireann an Plean Forbartha Scoile a athbhreithniú i bhfianaise chinntí na cigireachta agus díriú ar thosaíochtaí forbartha a threoróidh obair na scoile ar bhonn níos straitéisí. Agus iad ag fáil tacaíochta ó ghníomhaireachtaí seachtracha, caithfidh an fhoireann agus baill bhord na ngobharnóirí bheith páirteach sa phróiseas leis na príomhréimsí tosaíochta forbartha a aimsiú. Ba chóir pleananna oiriúnacha gníomhaíochta a fhorbairt, na critéir a ratha a shainaithint, aontú ar straitéisí soiléire le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn agus iad a fheidhmiú.

3.3 Tá gach ball foirne i ndiaidh réimse deiseanna a thapú le forbairt ghairmiúil a dhéanamh agus iad i ndiaidh freastal ar chúrsaí oiliúna a thug roinnt gníomhaireachtaí seachtracha sa scoil nó in ionaid taobh amuigh den scoil. Caithfidh na múinteoirí cur lena gcuid scileanna in úsáid na Gaeilge.

## 4. CONCLÚID

4.1 Ar bhuanna na scoile tá:

- an t-atmaisféar ar leith atá bunaithe ar thumoideachas lán-Ghaeilge;
- an t-atmaisféar cairdiúil atá sa scoil agus fearadh na fáilte ann;
- iompar eiseamláireach na bpáistí;
- dílseacht an Phríomhoide agus na foirne do na páistí agus don scoil;
- an dúthracht a chaitheann na gobharnóirí agus na tuismitheoirí le saol agus le hobair na scoile; agus
- na naisc láidre idir an scoil agus Naíscoil an Lonnáin.

4.2 Ar na réimsí atá le feabhsú cuimsítear:

- an gá go ndéanfaidh an scoil athbhreithniú ar na socruithe le haghaidh tréadchúraim agus cosaint leanaí lena chinntiú go gcuirfear na treoracha, a bhfuil cur síos orthu sna himlitreacha iomchuí de chuid na Roinne Oideachais, i bhfeidhm go hiomlán;
- an gá go ndéanfar athbhreithniú ar an Phlean Forbartha Scoile i bhfianaise chinntí na cigireachta le go dtreorófar obair na scoile ar bhonn níos straitéisí; agus
- an gá go bhforbrófar córais éifeachtacha ag gach leibhéal le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chaighdeán soláthar oideachais na scoile le go mbeidh feabhas leanúnach á chur ar an obair.

4.3 Sna réimsí a ndearnadh cigireacht orthu, tá roinnt láidreachtaí san oideachas agus sa tréadchúram a sholáthraítear. Tá an chigireacht i ndiaidh réimsí tábhachtacha a aimsiú le haghaidh feabhsúcháin agus is gá tabhairt fúthu sin go pras má tá an scoil le freastal go héifeachtach ar riachtanais gach foghlaimeora.

Déanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna faireachán ar dhul chun cinn na scoile agus í ag tabhairt faoi na réimsí sin atá le feabhsú, agus déanfaidh sí tuairisciú air sin.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2008

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk